## 2 Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Is scoil náisiúnta, Chaitliceach, comh-oideachais í Gaelscoil Ultain, a bhfuil ethos caitliceach aici agus atá faoi phátrúnacht easpag Chlochair.

'Sé is brí le 'Ethos Caitliceach' ná ethos agus spiorad Eaglais Chaitliceach na Róimhe, a bhfuil mar sprioc aici:

(a) forbairt iomlán an dalta, gnéithe intleachtúla, fisiciúla, cultúrtha, mórálta agus spioradálta ina measc; agus
(b) caidreamh beo le Dia agus le daoine eile; agus
(c) fealsúnacht saoil faoi stiúr ag creideamh i nDia agus i mbeatha, i mbás agus in aiséirí Íosa; agus
(d) na daltaí a mhúnlú sa chreideamh Caitliceach,

De réir teagaisc, cleachtaithe agus traidisiúin Eaglais Chaitliceach na Róimhe agus/nó ethos agus/nó spiorad a d'fhéadfaí bheith socruithe nó beartaithe ó am go céile ag Comhdháil Easpaig ne hÉireann.

De réir Acht Oideachais 1998, Cuid 15 (2) (b), beidh Bord Bainistíochta Ghaelscoil Ultain feagrach don Phátrún as comhlíonadh spiorad agus ethos na scoile- spiorad agus ethos a bheidh múnlaithe ag an bhéim a chuirtear i nGaelscoil Ultain ar oideachas, ar chreideamh, ar mhóráltacht, ar chultúr, ar theanga, ar spioradáltacht agus ar thraidisiúin - gnéithe atá mar chuid lárnach de shaol reatha, laethiúil Ghaelscoil Ultain.

## Ráiteas Misin

## 'Carthanacht, Cultúr , Léann'

Glacann muid leis go bhfuil muid ag iarraidh, ó thús, an caighdeán is airde oideachais a chur ar fail d'achan pháiste a bhíonn faoinár gcúram. Tuigeann muid leis go bhfuil achan pháiste ina dhuine ar leith a bhfuil riachtanais agus buanna dá gcuid féin aige agus is í ár mian í go sroichfeadh achan pháiste an pointe is airde léinn agus oideachais 's atá ar a chumas.

Ba mhaith linn fosta go mbeadh rud breise ag na scolairí, i.e., go dtiocfadh fás agus forbairt orthu mar dhaoine 'fhad 's atá siad linn; go gcothófaí iontu tréithe daonna atá de dhíth orthu le go mbeadh meas ag daoine eile orthu agus acu féin, orthu féin. Déantar iarracht seo a chur i gcrích trí atmaisféar críostúil, cairdiúil, foscailte agus folláin a chothú ina mbíonn meas againn ar a chéile; trí éisteacht agus trí chaidreamh fhoscailte fríd an scoil- ach caitear a chuimhniú i gcónaí go bhfuil teorainneacha ann. Tá meas mar chuid de dúshraith na scoile- meas ar a chéile, orthu féin, orainne mar mhúinteoirí agus ar dhaoine fásta i gcoitinne, 'Siochar gur Gaelscoil atá ann, tá muid ag iarraidh meas eile a mhuscailt agus a bheathú sna páistí- meas ar ár gcultúr Gaelach féin. Trí shampla agus trí thaispeáint gur fiú na rudaí seo a chuirfear i gcrích na mianta seo. Bheadh muid ag dúil leis go mór go mbeadh ár scoilairí bródúil as a scoil agus as a dteanga agus as a gcultúr agus go mbeadh an bród sin mar chuid den 'oidhreacht' a thabharfadh siad leo fríd a saol.

Ó thaobh ghnáthsaol na scoile de, glacann na páistí iad féin le cúramaí go luath ar a n-aistear fríd na ranganna. Bíonn muid ag súil leis go mothóidh siad gur linn uilig an foirgneamh agus an timpeallacht agus go mothóidh siad ó seo go bhfuil freagracht orainn uilig i dtaobh na scoile. Ba mhaith linn go nglacfadh siad le freagracht agus go nglacfadh achan duine páirt ar a bhealach féin i saol na scoile mar chuid dá fhorbairt phearsanta. Ba mhaith linn iad a ghríosadh chuig co-oibriú ar shon an iomláin, chuig saothrú ar shon feabhais agus chuig aimsiú agus úsáid a mbuanna.

